

## Ceacht Cré le Ranganna 3 go dtí 6

### “An Marsach é seo?”

Gemma Mc Girr

<b><u>Snáth Curaclaim:</u></b>	Cré (Curaclam Amharcealaíona lgh. 54, 72)
<b>Cuspóir:</b>	Figiúirí téagartha a dhéanamh i gcré trí úsáid léiritheach samhlaíoch a bhaint as an meán (lch. 54) Úsáid cré chun anailís agus léirmhíniú a dhéanamh ar fhoirm trí bhreathnú (lch. 72)
<b>Nasc:</b>	<p><b>Péint agus Dath</b> &gt; An saol samhlaíoch á léiriú ag an dalta agus téamaí samhlaíocha á léirmhíniú trí úsáid léiritheach a bhaint as dath (lgh. 50, 68)</p> <p><b>Péint agus Dath</b> &gt; An saol samhlaíoch á léiriú ag an dalta agus téamaí samhlaíocha á léirmhíniú trí úsáid airgtheach a bhaint as patrún agus sonra (lch. 48)</p> <p><i>Téamaí samhlaíocha a líniú ag úsáid patrún agus sonra airgtheach (lch. 66)</i></p>
<b>Féidearthachtaí Imeaschta:</b>	
<p>Teanga labhartha: <i>Tuairimí faoi dhánta a phlé. Gnéithe súgartha teanga a mhothú agus taitneamh a bhaint astu</i> (lch. 44)</p> <p><i>Freagairti aonair do dhánta agus do litríocht a chur in iúl agus léirmhínithe difriúla a phlé. Gnéithe súgartha teanga a mhothú agus taitneamh a bhaint astu</i> (lch. 44)</p> <p>Eolaíocht: <i>Aithne a chur ar ainmneacha agus ar struchtúr chuid de phriomhorgáin seachtracha agus inmheánacha na colainne</i> (lch. 61)</p> <p><i>Tuiscint shimplí ar struchtúr chuid de phriomhorgáin seachtracha agus inmheánacha na colainne a fhorbairt</i> (lch. 83)</p> <p>Tíreolaíocht: <i>A aithint gur reanna ar leith iad an domhan, an ghealach, an ghriaín, na plainéidi eile agus a gcuid saitilíti agus gur cuid de chóras na gréine iad</i> (lch. 82)</p>	

### An Ghníomhaíocht seo a Fhorbairt sa Rang:

**Ag tosú:** Sula dtosaím rang ealaíne sílim gur mór an chabhair í cleachtadh beag a dhéanamh leis na leanaí chun a gcuid samhlaíochta a scaoileadh saor agus chun timpeallacht shábhálte a chruthú sa seomra ranga dóibh ar mhaithé lena saothar a thaispeáint agus a phlé gan eagla ná náire. Is í samhlaíocht an duine a thóg as na pluaiseanna agus chun na gealáí sinn! Is féidir le rud ar bith tarlú inár samhlaíocht má ligimid dó! “Dún do shúile agus samhlaigh doras mór. Tig le dath ar bith is mian leat a bheith air. Scríofa i litreacha móra ar an doras tá an focal SAMHLAÍOCHT. Sín amach do lámh agus oscail an doras go mall, scaoil amach do shamhlaíocht! Oscail do shúile agus lig dom an loinnir a fheiceáil iontu! Is féidir linn ár rogha rud a dhéanamh anois, tá ár samhlaíocht ag obair agus is duine ar leith gach duine dínn!”

**Ábhair Riachtanacha:** Cré potaire  
Cláir adhmaid nó cárta láidir (chun oibriú air)  
Urlísí cré nó cipíní líreacáin  
Scagairí tae (brúigh píosa beag cré tríd chun téada an-tanaí cré a dhéanamh)  
Péinteanna póstaer nó acraillic (le maisiú nuair a bhíonn siad tirim)  
Buicéad plaisteach le clúdach teann, nó málaí plaisteacha chun an chré a stóráil

**Spreagadh:**  
Plainéad Mhars  
Ar Plainéad Mhars  
Tá éadaí acu mar atá againne,  
Agus tá na bróga agus na hiallacha céanna acu,  
Agus tá siad chomh taitneamhach agus chomh grástúil céanna,  
Agus tá na cloinge agus na haghaidheanna céanna acu...  
Ach  
Níl siad

sna háiteanna  
céanna!

*Shel Silverstein*

“Samhláigh go mbualann tú le Marsach! Cá mbeadh a shúile dar leat! A shrón? A Uilleanacha? A Fhiacla? Cá mbeadh a chuid bróga air? Meas tú an mbeadh sé in ann gluaiseacht? Cá bhfeicfeá a chluasa? Cén cruth a bheadh a cheann dar leat? Cén cineál éadaí a bheadh air dar leat?”

**Gníomhaíocht:**

Láimhseálann na leanaí an chré chun a Marsach a dhéanamh, ag úsáid urlísí cré agus nithe a bheadh faighte acu chun sonra agus uigeacht a chur air. Spreag iad le bheith airgtheach agus chun cothromáiocht a scrúdú ina bpíosaí. D’fhéadfadh go leor iarrachtaí a bheith ag teastáil sula mbíonn na leanaí sásta lena gcruthaíonn siad. Coinnigh an chré tais le sprae plandaí agus trí éadach tais a fhileadh timpeall orthu idir seisiúin. Nuair a bhíonn siad tirim féadfaidh na leanaí iad a phéinteáil más mian leo.

**Measúnú/Ag Amharc  
agus ag Freagairt:**

Beidh sé seo ag tarlú agus na leanaí ag obair. Féadfaidh na leanaí a seal a thógáil chun cur síos a dhéanamh ar na Marsaigh atá déanta acu agus conas a tháinig smaointe chucu agus iad ag obair. B’fhéidir gur mhaith leo scéilín a scriobh faoina Marsach!

**Gníomhaíochtaí Breise:**

D’fhéadfadh cairde a bheith ag a gcuid Marsach....

**Féidearthachtaí TCF:** D’fhéadfaí íomhánna dá gcuid Marsach a scanáil isteach sa ríomhaire agus d’fhéadfadh na leanaí scéilín nó dán a scriobh fúthu.

**Ag baint úsáide as an DVD**

**Is Ealaíontóir mé:**

Tugann na cláir Cré ar an DVD deiseanna chun leanaí a fheiceáil agus a chloisteáil ag úsáid cré mar mheán chun iad féin a chur in iúl go samhláioch.

**Nóta:**

Fuair mé amach gurbh fhearr sprae plandaí a úsáid chun an chré a choinneáil tais agus na leanaí ag obair. Coinnigh do shleamhán i soitheach aerdhíonach lena úsáid arís. Má tá péinteanna póstaeir á n-úsáid chun na Marsaigh a mhaisiú, is féidir iad a phéinteáil le PVA chun bailchríoch snasta a chruthú. Is féidir péinteanna acrailic a úsáid freisin. (Déan cinnte go mbíonn na scuabanna nite go maith sula dtriomaíonn péinteanna acrailic orthu).

**Ealaíontóirí Ábhartha:**

Auguste Rodin  
Antony Gormley  
Potaireacht Moche

**Suíomhanna Idirlín Ábhartha:**

Foghlaim faoi phobal ársa Moche agus a gcuid potaireachta  
[www.museum.upenn.edu/Moche/mocheculture.html](http://www.museum.upenn.edu/Moche/mocheculture.html)

Is tairseach é Scoilnet chuig suíomhanna atá úsáideach sa seomra ranga  
[www.scoilnet.ie](http://www.scoilnet.ie)

Antony Gormley, dealbhádóir  
[www.antonygormley.com](http://www.antonygormley.com)

Geargála an Domhain  
[www.stonemcarver.com/gargoyles/](http://www.stonemcarver.com/gargoyles/)

Iarsmalann Rodin i bPáras  
[www.musee-rodin.fr](http://www.musee-rodin.fr)